C/2025/5494

9.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12063 — SUNSTONE / PLATINUM GLOBE / DIGITALBRIDGE / SKYLINE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5494)

1. An 23 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sunstone Investment Pte Ltd ('Sunstone', Singeapór), arna bhainistiú ag GIC Special Investments Pte. Ltd ('GICSI', Singeapór),

— Platinum Globe A 2013 RSC Limited ('Platinum Globe', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Investment Authority ('ADIA', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Skyline JV, LP ('Skyline JV', Oileáin Cayman), faoi rialú comhpháirteach DigitalBridge agus tríú páirtí faoi láthair.

Gheobhaidh Sunstone, Platinum Globe agus DigitalBridge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Skyline JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Sunstone a bunaíodh chun infheistíochtaí GICSI i gcothromas príobháideach, i gcaipiteal fiontair, i mbonneagar, agus in infheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí príobháideacha a shealbhú,

— Is fochuideachta de chuid ADIA é Platinum Globe, infheisteoir institiúideach domhanda ar thug rialtas Abú Daibí sainordú dó caipiteal rialtais a infheistiú,

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh ar scála domhanda é DigitalBridge a infheistíonn i lárionaid sonraí, i gcrainn chumarsáide, i líonraí snáithín, i mionchealla, agus i mbonneagar imeall-ríomhaireachta,

— Forbraíonn Skyline JV bonneagar lárionaid sonraí ar fud réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus déanann sé infheistíocht sa bhonneagar sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12063 — SUNSTONE / PLATINUM GLOBE / DIGITALBRIDGE / SKYLINE JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË